Seimineár Taighde ar an Ghaeloideachas

An Coiste Seasta ar an Ghaeloideachas

17 Eanáir 2011

Fáilte an Chathaoirligh

Ar na saolta deireanacha seo aithnítear go bhfuil sé an-tábhachtach cleachtas an oideachais bheith bunaithe ar fhianaise ón taighde.

Nuair atá taighde curtha i gcrích, tá sé ríthábhachtach go scaipfear eolas ina leith agus go mbíonn deis ag cleachtóirí a gcleachtas a choigeartú leis sin a chur in oiriúint d'fhionnachtana an taighde.

I mo Chathaoirleach dom ar an Choiste Seasta ar an Ghaeloideachas cuirim fearadh na fáilte romhaibh inniu chuig an seimineár taighde mar i ndúil agus go gcuirfidh sé le bhur n-eolas ar a bhfuil idir lámha faoi láthair ag lucht taighde, agus go gcuideoidh sé le forbairt an dea-chleachtais sa ghaeloideachais.

Seán Ó Coinn
Cathaoirleach

CLÁR AMA

09.30: Clárú (Tae & Caife)

09.45: Fáiltiú le Cathaoirleach an Choiste Seasta ar Ghaeloideachas,
Seán Ó Coinn

10.00: Seisiún 1 – Cathaoirleach: Pádraig Mac Criostail

10.05: Conas mar a chabhraíonn forbairt físeáin le tuistí as Gaelscoil Gaeilge a labhairt. Cur chuige comhoibritheach.
Bernie Ní Challanáin, Gaelscoil Uí Fhiaich, Maigh Nuad

Tá an taighde seo mar thoradh ar chúrsa MSc. a rinne Bernie in Ollscoil Chathair Baile Átha Cliath. Sa DVD, cloistear faoi na rudaí a dhéantar i nGaelscoil Uí Fhiaich, chun cabhair a thabhairt do thuistí Gaeilge a fhoghlaim. Leanann an DVD ar aghaidh ar feadh deich nóiméad. 'Gaeilge le Chéile' an t-ainm atá ar an DVD.

10.25: Iniúchadh ar cé chomh maith is atá páistí i nGaelscoileanna a chleachtann luath-thumoideachas iomláin in ann dul i ngleic le Curaclam na Bunscoile (1999) trí Ghaeilge.
Norma Ní Chonchúir, Gaelscoil Chill Dara

D'eascair an taighde seo as eisiúint Imlitir 0044/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá ceithre théama sa taighde maidir le cé chomh maith is áta páistí in ann dul i ngleic le Curaclam na Bunscoile i nGaelscoileanna a chleachtann luath-thumoideachas iomlán ar feadh bliaina amháin ar a laghad.

10.45: Bilingualism and Cognitive Development: An overview of research in the School of Psychology, QUB.
Dr Judith Wylie, Dr Gerry Mulhern, Claire Stephens, Claire McVeigh, agus Aoibheann Brennan Wilson, Ollscoil na Banríona.

Tabharfar forbhreithniú ar thaighde reatha ar fhorbairt chognaíoch agus an dátheangachas.

11.05: Briseadh

11.20: Seisiún 2 – Cathaoirleach: Muireann Ní Mhóráin

11.20: Sealbhú na Gaeilge agus cruthú pobal labhartha na teanga tríd chur chuige teagascach an Lernen Durch Lehren (LDL)

Peadar Mac Muiris, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Pléifear coincheap teagascach an LdL (Lernen durch Lehren) i gcomhthéacs na gnéithe uile den oideolaíocht 'nua' atá de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim na Gaeilge in Éirinn.

11.40: A: Sainriachtanais oideachais páistí dátheangacha (Gaeilge- Béarla).

B: Riachtanais speisialta oideachais i scoileanna Gaeltachta agus Gaelscolaíochta - Taighde uile-oileánda ar riachtanais tacaíochta agus traenála na hearnála.

Janet Muller agus Caroline Nolan, POBAL

Bhí POBAL i mbun taighde cuimsitheach le cúpla bliain anuas ar shainriachtanais agus cuireadh na torthaí roimh an Roinn Oideachais TÉ.

12.00: Na briathra sa ghaelscolaíocht: Uirlis thagartha

Dr Art Hughes, Ollscoil Uladh

Sa pháipéar seo beidh Dr Art Hughes ag caint faoi leabhar úr dá chuid Leabhar Laghdaithe Bhriathra na Gaeilge. Réimnítear 115 briathar ina n-iomláine agus tá breis agus 3300 briathar eile san Innéacs. Déantar na briathra atá ar fáil i dtáblaí an leabhair seo a réimniú sna príomhaimsirí agus sna príomh-mhodhanna.

12.20: Seisiún 3 – Cathaoirleach: Anna Davitt

12.20: Éabhlóid an ghréasáin domhanda agus léann na litearthachtaí nua: Deiseanna tacú le cainteoirí dúchais.

Niall Mac Uidhilin

Pléann an páipéar seo teoiricí agus moltaí praiticiúla chun dul i ngleic le lagú Gaeilge na gcainteoirí dúchais sa chóras oideachais agus sóisialú trí Bhéarla lena gcomhaoisigh i scoileanna i gCatagóir A.

12.40: Anailís ar Ghaeilge labhartha na bpáistí i Rang 7 i scoileanna lánGhaeilge i dTuaisceart Éireann

Jill Garland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire

Dírítear sa taighde seo ar na gnéithe de Ghaeilge labhartha na bpáistí i Rang 7 i mbunscoileanna lán Ghaeilge tar éis 7-9 bl. de thumoideachas, agus ar dhearcadh na ndaltaí maidir lena gcumas féin.

13.00: Lón

An Coiste Seasta ar an Ghaeloideachas

Is de gheall ar chaidreamh gníomhach a chothú idir na heagraíochtaí uile a bhfuil baint acu leis an ghaeloideachas ar fud na hÉireann a bunaíodh *An Coiste Seasta ar an Ghaeloideachas* i mBealtaine 2009. Pléann an Coiste gnéithe éagsúla den ghaeloideachas d'fhonn teacht ar bhealaí ar féidir bheith ag comhoibriú le chéile. Tá ionadaithe ó raon leathan d'eagraíochtaí Gaelscolaíochta Thuaidh agus Theas araon ar an gCoiste, agus cuireadh curtha ar an dá Roinn atá freagrach as oideachas sa dá dhlínse ionadaithe a chur chuige.

Is é cuspóir an Choiste eolas a chomhroinnt agus achair chomhroinnte agus chomhoibrithe thrasteorann a aithint, agus tríd sin torthaí dearfacha do dhaoine óga, do thuismitheoirí agus do pháirtithe leasmhara gaeloideachais a uasmhéadú. I measc na nithe a bhíonn faoi chaibidil, bíonn taighde, áiseanna seomra ranga, dea-chleachtas sa teagasc agus san fhoghlaim, bunoiliúint agus oiliúint inseirbhíse múinteoirí agus príomhoidí.

Tá cinneadh glactha ag an gCoiste Seimineár Taighde a eagrú ar bhonn bliantúil le páipéir ar thaighde a chur i láthair.

14.00: Seisiún 4 – Cathaoirleach: Nóra Ní Loingsigh

14.05: Fónaic na Gaeilge

Jacqui de Brún, Coláiste Ollscoile Naomh Muire

Fónaic na Gaeilge, clár cuimsitheach a thacaíonn le léamh agus scríobh na Gaeilge. Tá obair mhór déanta ar an tionscadal seo agus é in úsáid i roinnt scoileanna agus torthaí iontach dearfach mar gheall ar an chur chuige.

14.25: Parents' attitudes towards the Gaelscoil as a school for the elite.

Vanessa Mas-moury, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

The Gaelscoileanna have often been perceived as being elitist on both socio-economic and educational grounds, despite access to Irish-medium schools being available to everyone. This paper provides a preliminary report on parents' attitudes towards this particular issue on elitism.

14.45: Comhphobail Cleachtais: Ag múnlú dea-chleachtais teagasc agus oiliúna i réimse an oideachais Ghaeltachta agus Ghaelscolaíochta.

Laoise Ní Thuairisg, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Tá i gceist leis an tionscadal taighde seo iniúchadh a dhéanamh ar an gcóras oideachais atá ag freastal i láthair na huaire ar phobal na Gaeltachta in Éirinn, agus ar ndóigh ar na fophobail a chuimsítear laistigh de na réigiúin thíreolaíocha agus theangeolaíocha sin.

15.05: I dtreo Oideachais Idirchultúrtha? Taighde Feidhmeach i nGaelscoil. Ar scáth a chéile a mhaireann muid.

Úna Ní Sheanáin, Scoil Iognáid, Gaillimh

Imscrúdaíonn an taighde ghníomhach seo conas is fearr idirchultúrachas a fhiosrú sa Ghaelscoil.

15.25: Fóram Oscailte: Plé agus Ceisteanna

15.40: Clabhsúr le Cathaoirleach an Choiste Seasta ar Ghaeloideachas, Seán Ó Coinn

16.00 Críoch

Tá ionadaíocht ag na heagraíochtaí seo a leanas ar an g*Coiste Seasta ar an Ghaeloideachas*:

Comhairle na Gaelscolaíochta

Iontaobhas na Gaelscolaíochta

Gaelscoileanna

COGG

Foras na Gaeilge

Altram

An Foras Pátrúnachta

Forbairt Naíonraí Teoranta

An Roinn Oideachais

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta

Comhar na Naíonraí Gaeltachta

Is ag Comhairle na Gaelscolaíochta atá cathaoirleacht an Choiste faoi láthair.

Is le maoiniú ón Roinn Oideachais a reáchtáil an Coiste Seasta ar an Ghaeloideachas an Seimineár Taighde seo.

AN ROINN Oideachais www.deni.gov.uk

Óstán an Clarion,
Aerfort Bhaile Átha Cliath,
17 Eanáir 2011.